

☘ An Lúibín ☘

18 Eanáir 2018

Athbhliain faoi mhaise duit, a léitheoir, agus ós eagrán nua atá againn anseo chun tús a chur le bliain nua, shíleamar gurbh fhiú iniúchadh éigin a dhéanamh ar theagasc na Gaeilge in Éirinn agus ar staid dhá theanga eile – Gaeilge Mhanann agus Gaeilge na hAlban. Mura léargas fíorchuimsitheach é, tá léiriú éigin le fáil ann.

Seachnámh spairne: an Ghaeilge i scoileanna na hÉireann

Níl *An Lúibín* chun díospóireacht a mhúscailt faoi thábhacht na Gaeilge mar chuid d'fhéiniúlacht na hÉireann (ceist cháiréiseach chigilteach chasta). Baineann an nuachtlitir seo le tír ghriandóite na hAstráile agus táimid sásta an díospóireacht úd a fhágáil faoi na hÉireannaigh féin: ní dár ngnóna é – faoi láthair ar aon nós. Ach tig linn a rá (mar a dúramar cheana ó am go ham) go bhfágann mímhúineadh na Gaeilge in Éirinn lorg ar staid na Gaeilge sna tíortha a fháiltíonn roimh inimircigh ó Éirinn – na Stáit agus an Astráil go háirithe. Mura bhfuil cuid measartha mór de na hinimircigh sin i gcumas Gaeilge a labhairt tar éis na blianta a chaitheamh ag foghlaim na teanga, is beag an chabhair iad chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa tír nua. Bheadh *An Lúibín* sásta le céatadán íseal – 10% nó 5% féin. Faoi láthair, rachadh sé rite leat 1% a aimsiú.

Ós mar sin atá, is fiú éisteacht le Gaeilgeoirí ó Éirinn ar beag orthu an dochar a dhéantar don teanga sna scoileanna. Tháingamar ar alt ('The future of the Irish language') le Cian Griffin ar an nuachtlitir Campus.ie.¹ Rinne sé ceithre bliana de Ghaeilge ag an tríú leibhéal agus fuair sé amach gur an-mhór an difríocht atá idir Gaeilge sa mheánscoil agus Gaeilge san ollscoil. Agus é ag déanamh staidéir ar Ghaeilge sa mheánscoil níor fhoghlaim sé dada faoin teanga.

I had no idea that nouns had genders, I didn't have basic vocabulary and I hadn't even heard of the Tuiseal Ginideach! A large part of me hopes I am alone in this experience, but I very much doubt that. My classes were focused primarily on learning off each 'Sraith Pictiúr' by heart – the same summary everyone in the class received – and transcribing sample answers on prose, poetry and drama to a point where muscle-memory could get me through. This is a far cry from university level teaching, where most if not all emphasis is put on grammar and fluency.

Admhaíonn sé go mbíonn daltaí ann nár mhaith leo an Ghaeilge ar chúinse ar bith, díreach mar a bhíonn daltaí ann nach maith leo an mhatamaitic. Níor thaitin an mhatamaitic leis féin, ach tuigeann sé go bhfuil tábhacht léi sa saol. A mhalaírt de thoradh atá ar mhúineadh na Gaeilge. Is é a bharúil go bhfuil na scoileanna ag milleadh na teanga.

The language deserves more respect than this, and should not be deemed 'useless', 'dead' or 'dying' simply because it is being butchered by the Junior and Leaving Certificate syllabus.

Is cúis mhór náire rudaí a chur de ghlanmheabhair ar fad mar a dhéantar leis an nGaeilge, dar leis. Ach tugann sé 'optimistic realist' air féin agus tuairim aige gur rath a bheidh ar an teanga feasta ach feabhas mór a chur ar an nGaeilge mar ábhar scoile.

Tá a lán scríofa thar na blianta ar an donas atá ar éigeantas na Gaeilge. Tógaimis alt le Patrick Kelleher ar an *Irish Times* in 2017 a thosaíonn mar seo:

¹ <http://campus.ie/college-life/gaeilge/the-future-of-the-irish-language/>

Imagine you spent more than a decade learning a second language – sweating through thousands of hours in tutorials, orals and exams – only to find you were barely able to string a coherent sentence together?²

Luann sé taighde ón mbliain 2016 a léiríonn go bhfuil an Ghaeilge ar na hábhair is lú a thaitníonn le daltaí meánscoile. Luann sé freisin an tuairim atá ag Éamonn Ó Dónaill ó Ghaelchultúr, eagraíocht a reáchtálann cúrsaí Gaeilge. Deir an Dónallach go múintear Gaeilge go han-dona sna scoileanna; tá smacht ag an múinteoir féin ar an ngnó go léir agus ní ligtear do na daltaí dul chun cainte le chéile.

Then in secondary school there's a focus on exam competency, not only in Irish, but in every subject. They're learning enough Irish to get through the oral exam, but they're not actually learning how to engage in conversation. This focus on exam competency is extremely damaging to the language.

Agus ligimis an focal scoir le Máire Ní Fhinneadha (*Tuairisc.ie*, 15 Eanáir 2019):

Is in olcas atá an scéal ag dul ó thaobh labhairt na Gaeilge sa gcóras oideachais. Tá deireadh ar fad á chur leis an scrúdú cainte roghnach ag an Teastas Sóisearach agus an luach saothair a bhíodh as. Níl aon ghá do mhúinteoirí bunscoile Gaeilge a roghnú mar ábhar céime sna coláistí oiliúna. Is deacair múinteoirí Gaeilge, aistritheoirí, ná Gaeilgeoirí cruinne líofa óga a aimsiú le poist a líonadh. Tá 40% ag an Ardteist ar scrúdú cainte ar ionann é don chainteoir dúchais/líofa agus don fhoghlaimeoir agus sraith pictiúr reámhullmhaithe ina lár. Tá cainteoirí dúchais/líofa á maslú agus beag is fiú á dhéanamh dá gcumas leis an tástáil leanbaí gan dúshlán ná forás a chuirtear orthu san Ardteist.³

Tá leasú ag teastáil go géar. Agus b'fhéidir ansin go mbeadh a ndóthain Gaeilge ag inimircigh chun comhrá a dhéanamh i dtaobh mhíoneachtraí an tsaoil.

Seo cuid rudaí is fiú linn d'aird a tharraingt orthu:

Liosta blaganna Gaeilge (agus cuid acu níos cruinne ná a chéile maidir le húsáid na teanga, ach mar sin féin...): <http://indigenoustweets.com/blogs/ga/>

Díospóireacht bheoga ghéar faoi mhúineadh na Gaeilge i scoileanna na hÉireann: 'Ceist theagasc na Gaeilge' ag *Cormac ag a Cúig* (https://www.rte.ie/radio1/podcast/podcast_cormacagacuig.xml) ar RTÉ/Raidió na Gaeltachta. Is fiú éisteacht freisin le 'Alicja Mankowska – Léachtóir Gaeilge sa Pholainn'.

'The Present and Future of the Irish Language,' díospóireacht phainéil a bhí ar siúl ar 6 Meán Fómhair 2018 faoi choimirce an Institute of European Studies, UC Berkeley agus atá le fáil ar YouTube: <https://www.youtube.com/watch?v=bjRuat3kqpo>.



Gaeltacht agus Gaelscoileanna

Ní scéal nua é go bhfuil nós ag daltaí iarbhunscoile sa Ghaeltacht Béarla a labhairt le chéile, díreach mar a deirtear i dtuarascáil nua i dtaobh Scéim Aitheantais Gaeltachta na Roinne Oideachais. Scéim í a chabhraíonn le scoileanna aitheantas a lorg mar scoileanna Gaeltachta, rud a thugann léargas ar a bhréagaí atá teorainneacha oifigiúla na Gaeilge agus an oiread sin scoileanna laistigh iontu a bhaineann feidhm as Béarla amháin. Is iomaí scoil 'Ghaeltachta' nár chuir de dhua uirthi féin an t-aitheantas úd a fháil dá bharr.

Deir na cigirí a scríobh an tuarascáil go bhfuil tréaniarracht á déanamh ag na hiarbhunscoileanna Gaeltachta a bhaineann leis an scéim ar nósanna cainte na ndaltaí a athrú. Ba é seo an chéad uair a rinneadh é sin, minic go leor, agus deirtear (go dóchasach) go bhfuil 'athruithe beaga' le feiceáil. Is maith an rud é, ar aon nós, go mbaintear

² <https://www.irishtimes.com/news/education/why-are-students-so-poor-at-irish-after-12-years-of-school-1.3027745>

³ <https://tuairisc.ie/tabhair-dom-dioluine-o-dhiospoireachtai-newstalk-faoi-the-irish/>

feidhm as an luath-thumoideachas sna naíonáin bheaga agus sna naíonáin mhóra i mbeagnach gach bunscóil a bhaineann leis an scéim.

Aithnítear go bhfuil sé an-deacair teacht ar mhúinteoirí a bhfuil a ndóthain Gaeilge acu (deacracht a bhfuil a rian ar scoileanna ar fud na hÉireann agus na gaelscoileanna san áireamh.) Dá bhrí sin táthar ag súil le cabhair ó e-Hub, tionscadal a chuidíonn le hábhar a mhúineadh ar líne.

Is iomaí duine a déarfadh go bhfuil rath na Gaeilge san am atá le teacht ag brath, thar aon rud eile, ar na gaelscoileanna. Is dócha go mbeifeá ag baint taca as sífín dá gcuirfeá do mhúinín sa Ghaeilge mar ábhar éigeantach nó i maireachtáil na Gaeltachta. Mar sin féin, is minic a deirtear nach bhfuil caighdeán na cainte sna gaelscoileanna thar mholadh beirte. Deir an tOllamh Pádraig Ó Duibhir, údar *Immersion Education: From a Minority Language Context*, nach bhfuil bunús mór leis an tuairim sin. Rinne sé amach go bíonn Gaeilge na ndaltaí cruinn go leor i dtaca le holc.

Rinne sé taighde ar 112 dalta i sé scoil déag lán-Ghaeilge agus aird aige ar dhul an Bhéarla, ar chlásáil ainm briathartha, ar an gcopail agus eile. Ráta earráide 30% a bhí ann, agus deir sé go bhfuil ag éirí go han-mhaith leis na gaelscoileanna le hais múineadh mionteangacha i dtíortha eile. Ach, mar a bheadh súil agat leis, b'fhearr go mór an trí dhaltá is fiche ar baineadh triail astu i dtrí scoil Ghaeltachta, daltaí ar chainteoirí maithe dúchais a bhformhór. Ní raibh de ráta earráide acu sin ach 2.5%.

Deir Ó Duibhir gurb é an fhadhb is mó atá ag an ngaelscolaíocht gan deis a bheith ag na daltaí an teanga a úsáid taobh amuigh den scoil. Is annamh a bhuaileann siad le cainteoirí dúchais; ar éigean atá dlúthphobal teanga eile le fáil, agus fiú cuid éigin de na tuismitheoirí a bhfuil Gaeilge acu ní labhraíonn siad sa bhaile í.



Comharsana: athbheochan Ghaeilge Mhanann agus Ghaeilge na hAlban

Gaeilge Mhanann! Tá sí beo agus í aitheanta ag roinnt dreamanna rialtais agus neamhrialtais ar nós pharlaimint an oileáin, Yn Chiare as Feed (*An Ceathar is Fichid* nó House of Keys). Is é an deacracht is mó atá ag Éireannaigh nó ag Albannaigh i leith Gaeilge Mhanann an litriú Béarlaithe: soláthrófar athleaganacha anseo i litriú Gaelach a oireann don fhoghraíocht. Tá Gaeilge Mhanann suite idir Gaeilge na hÉireann agus Gaeilge na hAlban maidir le gramadach agus foclóir.

Tá an teanga ar fáil mar ábhar roghnach sna scoileanna agus í á múineadh ag foireann ón Roinn Oideachais suas go dtí Leibhéal A. Tá gaelscoil ag Balley Keeill Eoin (*Baile Cill Eóin*/St John's) agus í á reáchtáil ag Moinjer Veggey (*Muintir Bheaga*), eagraíocht a bhfuil a lán náiscoilleana faoina coimirce freisin.⁴ Is féidir le daltaí ón ngaelscoil cuid dá ranganna a thógáil trí Ghaeilge in Ardscoil na Banríona Eilís II in Purt ny h-Inshey (*Port na hInse/Peel*).

An té arb áil leis Gaeilge Mhanann a fhoghlaim leis féin tá fáil aige ar Learnmanx.com agus a lán áiseanna ag baint leis, nó ar Say Something in Manx (<https://www.saysomethingin.com/manx>). Chuir Culture Vannin foclóir nua amach in 2016. Tá litriúocht chomhaimseartha ann anois, in éineacht le cúpla scannán - *Ny Kirree fo Niaughtey* (*Na Caoirigh fo Shneachta*) agus *Solace in Wicca*. Tá cláir raidió ann agus colún nuachtáin, agus tá comharthaí dátheangacha le feiceáil ar fud an oileáin – cumhacht dhraíochtúil an tsiombaileachais.

Tá litriúocht chomhaimseartha féin ar fáil sa teanga, cé go bhféadfaí í a mhéadú. Tá Brian Stowell, gníomhaí suntasach a bhfuil Gaeilge na hÉireann aige freisin, chun tosaigh. In 1990 d'fhoilsigh sé *Contoyrtyssyn Ealish ayns Cheer ny Yindyssyn* (*Contúrtasan Eilís anns Tír na Iontasan*), leagan de *Alice in Wonderland*, agus in 2006 d'fhoilsigh sé an chéad úrscéal ceart sa teanga, scéinséir a raibh blas an deamhain fola air. Ba é Edward Faragher (1831-1908) an scríbhneoir nua-aoiseach ba shuntasáí roimhe sin agus idir fhilíocht, chuimhní cinn agus leagan d'fhabhalscéalta Aesóp foilsithe aige.

Mar a deir Marie Clague ón Centre for Manx Studies in Ollscoil Learphoil:

⁴ Sa bhéaloideas is ionann an Mhuintir Bheaga agus an Slua Sí.

It makes economic sense in terms of what remains of the tourist industry to market the Island as having a unique culture within the British Isles, and the language is part of that culture. Thus increased prosperity has been good for the Manx language and the preservation of a certain Manx Language Revitalization stereotypical version of culture and Island life. The fate of a language lies to some extent in timing, and just at the end of the twentieth century the time was right in terms of will and resources for language revival.⁵

Tabhair súil ar *A day in the life of the Bunscoil Ghaelgagh* (2013), físeán le Adrian Cain:

<https://www.youtube.com/watch?v=6rUEZ8A-678>



Bhí 57,602 cainteoir Gaeilge in Albain in 2011. Bhí 52% díobh sin (daoine meánaosta go minic) ina gcónaí in iarthar Inse Ghall; bhí os cionn 10% (5,878) le fáil i nGlaschú. Tá an teanga ag meath thiar agus ag fás go mall sna cathracha thoir, mar atá in Éirinn, cé go bhfuil Gaeilgeoirí na tíre úd i bhfad níos líonmhaire. Tá breis is 3,000 dalta á múineadh trí Ghaeilge na hAlban anois agus a líon ag borradh i gcónaí, cé gur minic Béarla á labhairt sa bhaile acu – cosúil le hÉirinn arís.

Is ait an rud é go bhfuil dhá shiollabas ann – ceann do dhaltaí a togadh le Béarla agus ceann eile do chainteoirí dúchais. Is mór an mhoill a bhí ar Éirinn a leithéid a chur ar fáil.

Tá roinnt cúrsaí teanga, staire agus cultúir ar siúl ag Oilthigh na Gàidhealtachd agus nan Eilean (Ollscoil na nGarbhchríoch agus Inse Ghall) agus is féidir taighde iarchéime a dhéanamh trí Ghaeilge. Agus tá poist ann in oideachas, i luathfhoghlaim, i gcúram leanaí agus eile. Poist phroifisiúnta an chuid is mó acu.

Más athbheochan atá ann, níl sí gan cháineadh. Ní ar lucht Béarla atáimid ag cuimhneamh anois ach ar ghníomhaithe Gaeilge. Tá cuid den cháineadh le léamh in alt ‘Gaelic Revival – What Gaelic Revival?’ a scríobh Neil Macrae in 2013 do *Bella Caledonia*, iris ar líne,⁶ agus d’fhéadfá na rudaí céanna a rá faoi ghnóthaí Gaeilge in Éirinn, mórán.

Is é barúil Macrae go bhfuil na eagraíochtaí Gaeilge dall ar chúlú na teanga i measc cainteoirí dúchais (cé nach mbeifeá é sin a chur i leith eagraíochtaí teanga na hÉireann, leis an gcothrom a dhéanamh). Níl meas aige ar an nGaeilge chiotach atá in úsáid ag lucht athbheochana: ‘The subtle, infinitely-nuanced Gaelic of the dying traditional language communities is being replaced, in the usage of the revival organisations, by a clunky, impoverished construct based on English idiom’. Tá a leithéid coitianta in Éirinn freisin (léigh tuarascáil oifigiúil ar bith), agus nuair a cháineann sé ‘the persistent delusion that government money is all-important’ d’fhéadfadh sé a bheith ag caint faoi Éirinn arís. Tá an dímheas céanna aige ar an tuairim gur féidir athbheochan teanga a phleanáil ‘like a soviet-style command economy, complete with five-year plans (and with similar results)’.



Sabhal Mòr Ostaig
Wikimedia Commons

⁵ https://www4.uwm.edu/celtic/ekeltoi/volumes/vol12/2_5/clague_2_5.pdf

⁶ <https://bellacaledonia.org.uk/2013/08/23/gaelic-revival-what-gaelic-revival/>

Mar sin féin, tá Sabhal Mòr Ostaig ann, coláiste ar an Oileán Scitheadach a bhronnann céimeanna BA, MA agus PhD. Déantar taighde ann ar stair agus litríocht na teanga agus ar chothú na mionteangacha, ar shochtheangeolaíocht agus ar fhoclóireacht, agus ar logainmníocht. Tá an t-ionad Fàs ann le stiúideo teilifíse (agus áit chúram leanaí) agus tá áiseanna eile á gcur ar bun i gcónaí. Ní bheadh a leithéid ann gan Iain Noble, fear gnó (agus bairnéad Albannach) a d'fhoghlaim Gaeilge na hAlban agus a chuir roimhe an teanga a chothú agus a chur chun cinn. Tá go leor déanta ag Sabhal Mòr Ostaig chun an Ghaeilge a neartú sa tír i gcoitinne ach leanann líon na gcainteoirí dúchais ag laghdú fós, fiú ar an oileán.



In oirthear Cheanada is mó a bhí Gaeilge na hAlban á labhairt ar an gcoigríoch. Bhí Gaeil na hAlban ag cur fúthu in Oileán an Phrionsa agus in oirthear na hAlban Nua mar theaghligh agus mar phobail ón 18ú haois amach. Lig seo dóibh a dteanga agus a mbéaloideas a thabhairt slán leo ó ghlúin go glúin anuas go dtí tríochaidí an fichiú haois, nuair a thosaigh meath ag teacht ar an seachadadh sin i gCeap Breatainn, áit a raibh an teanga láidir go leor go dtí tús an fichiú haois agus go fiú ina dhiaidh sin.

Bhí cainteoirí traidisiúnta ann fós, áfach, cé go raibh an teanga ag cúlú. Thosaigh athbheochan beag, rud atá ar siúl go fóill agus meascán de dhaoine i gceist – dream óg a d'fhoghlaim Gaeilge in Albain Nua agus cúpla duine a thug a gcuid Gaeilge leo ó Albain féin. Oideachas aosach, imeachtaí cultúrtha agus foilsitheoireacht na rudaí eile atá ar siúl, agus in Halifax tá Sgoil Gàidhlig an Àrd-bhaile (<http://halifaxgaelic.ca/>), eagraíocht a chuireann ranganna ar fáil. Ós rud é go bhfuil líon na gcainteoirí dúchais chomh beag sin anois (gan ach timpeall dhá scór daoine acu i gCeap Breatainn, mar shampla), tá an teanga ag brath go mór ar fhoghlaimoirí.

Tá an teanga ar fáil mar ábhar i roinnt meánscoileanna in Albain Nua, go háirithe i gCeap Breatainn, agus á múineadh ag Ollscoil San Proinsias Xavier, ag Colaisde na Gàidhlig i gCeap Breatainn agus ag Ollscoil Cheap Breatainn. Tá faill ag mic léinn le dul go hAlbain agus staidéar breise a dhéanamh ansin.

Is ait an rud go leanann daoine orthu ag scríobh i nGaeilge na hAlban i Meiriceá Thuaidh. Daoine a d'fhoghlaim Gaeilge agus iad i mbun a méide an chuid is mó de na scríbhneoirí sin, d'ainneoin a laghad sin tacaíochta a bheith le fáil ó institiúidí léinn. Orthu sin, mar shampla, tá Lodaidh MacFhionghain, file, agus cúpla cnuasach foilsithe aige: bhain ceann acu duais liteartha in Albain in 2011.⁷

Eagraíocht nótaíle sna Stáit is ea Urras Gàidhlig nan Stàitean Aonaichte (<https://gaelicusa.org>) agus é de chuspóir acu, mar a fhógraíonn siad, staidéar ar Ghaeilge na hAlban agus ar litríocht, ar stair agus ar chultúr na teanga a spreagadh sna hollscoileanna chun go mbeadh tuiscint cheart ag daoine ar a bhfuil déanta ag na Gaeil i Meiriceá Thuaidh.

Áitíonn siad nár bhain Gaeilge na hAlban riamh le creideamh amháin ná le hinscne amháin. Deir siad gur beag baint ach oiread atá ag cúrsaí 'cine' (tuiscint nua-aoiseach ar an bhféiniúlacht a fásceadh as dearcadh sóisialta áirithe agus a úsáidtear chun leatrom a dhéanamh) le dúchas casta Ghaeil na hAlban.

Gaelic speakers of the medieval era had many ethnic origins, and today, people of all skin colors and physical features should feel entitled to claim and celebrate their Gaelic ancestry.

Tá agallamh ar an suíomh leis an Ollamh Robert Dunbar ó Ollscoil Dhún Éideann.⁸ Deir sé:

Most academics and administrators at North American universities are almost totally unaware of the existence of Celtic languages and cultures, or about the significant part that those languages and cultures have played in many, many places in North America. Because they don't have Celtic departments, they don't hear the story, and because there are no courses available to students, they are unaware of the potential latent demand which, I think, is there.

⁷ <http://celticpoetsna.web.unc.edu/late-20th-century-scottish-gaelic-revival/>

⁸ <https://gaelicusa.org/interview-with-robert-dunbar/>

Suíomh snasta atá ag an Urras – fágann sé a lán suíomh de chuid Ghaeilge na hÉireann in áit na leathphingine.

Cuspóirí níos ginearálta atá ag An Comunn Gàidhealach America (<http://www.acgamerica.org/>). Bíonn imeachtaí tumoideachais ar siúl acu agus bailíonn lucht na Gaeilge le chéile ag an 'Mòd' (oireachtas) faoi choimirce an chumainn. Cuireann siad tionóil ar bun agus tugann fordheontais (do choláistí Gaeilge in Albain, mar shampla) chun an teanga a chur chun cinn. Foilsíonn an cumann iris, *An Naidheachd Againne*, in Denver, agus tá stáisiún raidió ar líne acu.

Le léamh:

Michael McIntyre. *The Revival of Scottish Gaelic Through Education*. Cumbria Press, 2009



Foclóirí agus téacsanna – taisce Ghaeilge na hAlban

Tá caoi curtha ag lucht taighde ar an gcéad chéim den chartlann is mó de théacsanna Gaeilge in Albain, sin an Dachaigh airson Stòras na Gàidhlig (<https://dasg.ac.uk/gd>). Tá dhá acmhainn ag baint leis an gcartlann: Corpas na Gàidhlig, bunachar sonraí ar líne a bhfuil téacsanna ann ó 12ú haois go dtí an lá inniu agus deis agat focail a chuardach ann; agus Faclan bhon t-Sluagh, ábhar a bailíodh i nGaeltacht na hAlban agus in Albain Nua i seascaidí agus in ochtóidí an fichiú haois agus cuntas cuimsitheach ann ar an saol traidisiúnta. Tá leas le baint as Corpas na Gàidhlig i gcomhair foclóir stairiúil, Faclair na Gàidhlig.

Agus más mian leat súil a thabhairt ar an mbailiúchán de lámhscríbhinní Albanacha i nGaeilge is mó ar domhan, tabhair cuairt ar Leabharlann Náisiúnta na hAlban. Scríobhadh iad idir an 14ú haois agus an 18ú haois agus tá an chuid is mó acu scríofa i nGaeilge na scol, seanchanúint léannta na hAlban agus na hÉireann araon.

Is iomaí rud atá le fáil iontu: a lán lámhscríbhinní leighis agus filíochta, in éineacht le horthaí, stair, scéalaíocht, beathaisnéisí naomh, paidreacha, ginealaigh agus dinnseanchas. Tá a lán díobh maisithe. Tá *Leabhar Deathan Lios Mòir* ar cheann de na cnusaigh filíochta is tábhachtaí atá ann. Ní sa litriú Gaelach atá sé scríofa ach i litriú na hAlbainise, rud a thugann léargas ar fhuaimneanna canúna áirithe sa chéad chuid den 16ú haois.

D'eascair an Leabhar Náisiúnta ó shean-Leabharlann na nAbhcóidí, agus ní bhfuair sí siúd ach seacht lámhscríbhinn sa 17ú haois agus san 18ú haois. Tugadh ceithre cinn díobh don leabharlann mar bhronntanas agus ceannaíodh trí cinn eile ó chlódóir agus fhoilsitheoir a raibh fiacha móra air. Ach ó dheireadh an 18ú haois amach tháinig suim nua ag daoine i lámhscríbhinní Gaeilge agus mhéadaigh stoc na leabharlainne dá réir.

Tá ábhar comhaimseartha ann freisin: cartlanna údar, páipéir ó cheannaithe seandachtaí, ó ghéineolaithe agus ó bhailitheoirí, páipéir de chuid scoláirí agus saothraithe allamuigh agus cartlanna eagraíochtaí agus foilsitheoirí.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.